# Cén Cruth?

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>• tosú a eagrú a gcuid oibre féin agus oibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cruth, cearnóg, ciorcal, dronuilleog, triantán, dronuillinn, slios, uillinn, ciúb, ciúbóideach, pirimid, sféar, sorcóir, línte siméadrachta, airíonna, faobhar, rinn, aghaidh, dromchla, cuartha, cothrom, díreach, rolladh, déthoiseach, tríthoiseach, bonn |
| **Áiseanna** | teimpléad le leaganacha difriúla de bhiongó na gcruthanna |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Plé ranga ina sainaithníonn daltaí cruthanna 2T agus 3T ina dtimpeallachtaí máguaird, idirdhealú á dhéanamh maidir le líon na dtoisí agus iad a ainmniú i gceart. Imríonn daltaí an cluiche 'Cén Cruth Mé?' ar a seal, áit a dtugann siad leideanna faoin chruth ar a bhfuil cur síos á dhéanamh acu ag úsáid a n-airíonna. Mar shampla, 'Is cruth 3T mé. Tá aghaidh amháin orm agus is féidir liom rolladh.'

### 2 Gníomhaíocht 2

Imríonn na daltaí cluiche de bhiongó na gcruthanna, tugtar clár a bhfuil cruthanna 2T agus 3T air dóibh. Clúdaíonn siad cruth ar a gclár nuair a léann an múinteoir ainm an chrutha sin, nó nuair a dhéanann sé cur síos air (féach difreáil). Is é an dalta a chomhlánaíonn líne nó an clár iomlán an buaiteoir.

### 3 Gníomhaíocht 3

Roinn an rang ina ghrúpaí de 4 nó 5. Iarr orthu a leagan féin de bhiongó a chruthú ina mbeidh dalta amháin mar scairteoir agus na daltaí eile ina n-imreoirí. Fiosraigh dóigheanna difriúla leis na cruthanna a scairteadh (m.sh., ainm an chrutha, cur síos ar an chruth, dathanna a chur leis an chruth le hidirdhealú a dhéanamh).


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An cruth 2T nó 3T é seo?<br>• Cén cruth é seo?<br>• Cá mhéad coirnéal, faobhar atá ar ______? | • Cad é mar atá dronuilleog difriúil le cearnóg?<br>• Cad é mar atá a fhios agat gur cruth 2T/3T é seo?<br>• Cad chuige a síleann tú gur ____ é an rud seo?<br>• Cad é a fuair tú amach faoi chruthanna 2T/3T?<br>• Cá háit a bhfaighfeá na cruthanna 2T/3T seo?<br>• Déan cur síos ar chearnóg/triantán/ciorcal srl. |


## Difreáil

Socraigh an dóigh a ndéanann daltaí cur síos ar na cruthanna difriúla de réir a dtuisceana, mar shampla ainmneoidh roinnt acu an cruth go díreach, tabharfaidh cuid eile leideanna ag úsáid airíonna an chrutha. Méadaigh nó laghdaigh líon na gcruthanna de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.


## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna




## Biongó na gCruthanna



## Biongó na gCruthanna



## Biongó na gCruthanna



## Biongó na gCruthanna

